Beiḋ an Dara Rás ag Tosnú Gan Ṁoill

Tá mise á scríobaḋ seo sula mbíonn an cat tugta. Beiḋ sibse á léaṁ nuair a ḃéas deireaḋ ṫart, agus ciúnas ar an tír. Mar sin de. déarfaḋ tráċtaire poiliticiúil ar biṫ, gur fearr droim láiṁe a ṫabairt leis an scéal. Aċ, cúpla focal mar sin ḟéin.

An tseaċtain seo caite, dúirt mé gurb é an tuar a bí agam don toġċán, nó Fianna Fáil 76, Fine Gael 46, Oibriṫe 16. De réir scéala ó ṡin, más fíor, tá Fianna Fáil ag cúlú beagáinín, Fine Gael ag cruaḋ beagáinín ⁊ Oibríṫe ag seasaṁ a gcuid féin.

Tá seans ann deirtear, go m'ḟéidir go gcaillfeaḋ Fianna Fáil cúpla suíoċán eile den 76 sin, agus gur 73 nó 74 a ḃeaḋ acu.

Measann mórán de na tráċtairí naċ mbainfiḋ siad an triú suíoċán i gCorcaí. Ní dóiġ liom go ḃfuil an ceart acu. Measaim go mbeiḋ triúr Fianna Fáil i gcaṫair Ċorcaí.

Tá cuid ṁaiṫ de na tráċtairí ar aon intinn go gcaillfiḋ Fianna Fáil suíoċán i gCo. Luġaiḋ. D'ḟéidir go ḃfuil an ceart acu. D'ḟéidir go mbeaḋ sé an ċlósáilte. Aċ, mo ḃarúil pearsanta féin, naċ mbíonn aṫrú ar biṫ i gCo. Luġaiḋ.

Scéal eile fá Co. Muineaċain, deirtear go mbainfiḋ an tUasal Ó Coiliġ (Protastúnaċ) suíoċán den Uasal Childers. Is cinnte go ḃfuil tarraingt mór ag an Uasal Ó Coiliġ fríd an tuaiṫ i Muineaċain, agus tá sé oscailte go maiṫ. D'ḟéidir go n-aṫróḋ cuid de ḃótóirí Fianna Fáil ó'n Uasal Ó Muanaiġ, agus gurb eisean a ḃeaḋ ṫíos leis ar deireaḋ. Is rí ḋeacair a rá.

Tá caint ann leis naċ mbainfiḋ Iníon Uí Néill an suíoċán i gCill Manntáin — d'ḟéadfaḋ sé gur fíor é seo.

Ní ḋéarfaiḋ mé níos mó faoi anois, aċ aṁáin seo, nuair a ḃéas sibse dá léaṁ seo, tuairimsa go mbeiḋ na torṫaí ag teaċt amaċ a ḋearḃós go mbeiḋ tromlaċ iomlán, beag nó mór, ag Fianna Fáil i nDáil Éireann agus gur rialtas Fianna Fáil, faoi Ṡeán Lemass a ḃéas i gceannas na tíre ar Ceadaoine Ṡeaċtain na Cásca.

Agus céard é an ċéad rud eile i gcúrsaí polaitíoċt ansin? Céard é féin aċ an rialtas nua. Tá siad pioċta ag FEARFEASA ċeana féin, agus is féidir leis comairle a ṫabairt don Uasal Lemass. Aċ, ní ḃeaḋ sé inḋéanta é a ṫabairt go dtí go mbíonn torṫaí an toġċáin foilsiṫe. Mar sin de, an tseaċtain seo ċugainn, insan ċolún seo, inseoiḋ mé ḋíḃ cé h-iad a ḃéas insan Rialtas Nua.

Agus seans maiṫ go gcuirfiḋ cuid de na h-ainmneaċa íontas oraiḃ. Ní hé aṁáin cuid de na h-ainmneaċa a ċuirfear isteaċ, aċ cuid de na h-ainmneaċa a ḟágfar amuiġ.

Aċ, ní ḃeiḋ an ḃóta deireannaċ cuntaiste insan toġċáin, go mbeiḋ coiṁlint eile ar siúl. Ar ṡlí aṁáin, ní ró ḋeas an ċoiṁlint í, mar ní mó ná go mbíonn na ḃótaí cuntaiste i dtoġċán Dála anois, go mbíonn na daoine ar buaḋ orṫa, daoine a ċuaiġ os comair an pobail, agus a ċaill, agus ní h-aon loċt orṫa, b'ḟéidir, bíonn siad ag ullṁú le dul os coṁair tóġlaċ eile, mar atá luċt tóġa Seanad Éireann.

Ní maiṫ an rud go mbeaḋ toġċán Seanaide mar ċineál de ionad do na daoine a riṫ, agus ar buaḋ orṫa insan toġċán don Dáil. Ní hé sin an saġas áiṫe a ba ċeart a ḃeiṫ san tSeanad ar ċor ar biṫ. Aċ, mar sin ḟéin, sin mar atá. Agus tá ċuile ṡeans naċ aṫrú ar biṫ a ḃeiḋ ann an t-am seo, aċ go mbeiḋ uiṁir mór de iarratóirí a ċaill insan toġċán a ḃeiḋ ina n-iarratóirí arís don tSeanad.

Céard a ṫárla do ṁoltaí an Ċoimisiúin fá toġċán Seanaid? Cuireaḋ an coimisiún seo ar bun, agus ionadaíṫe óna Páirtíṫe Polaiticila go léir air, ċom maiṫ le daoine poiblí eile. Aċ, ba ag na poiliticeoirí a ḃí an tromlaċ. Taréis mórán maċnaṁ, ṫáiniġ siad ar aon intinn, agus ċuir siad tuarascáil ar fáil, inar molaḋ gur ċeart i ḃfad níos mó ċuṁaċta a ṫabairt do na Coṁluċta Ainmniúċáin, agus é ḃeiṫ na ċeart acu uiṁir áiṫrid de ḃaill Seanaide a ṫóġáil díreaċ óna Coṁluċta Ainmniúċáin féin. Faoi láṫair, níl de ċeart ag na coṁluċta aċ na h-ainmniúċáin á ḋéanaṁ. Tá ceart ag an Dáil, timpeall an méid céanna de ainmniúċáin do ḋéanaṁ, agus ansin, an Dáil agus an tSeanad agus na Coṁairlí Contae a níonn an toġaḋ, sa gcaoi naċ ḃfuil aon guṫ ċor ar biṫ ag na Coṁluċta Ainmniúċán ar an toġaḋ.

Cé go dtug sé seo, le ḃeiṫ fírinneaċ, Seanad a ḃí níos oscailte, agus a raiḃ níos lú den ṗolaitíoċt ann ná mar atá insan Dáil, le roinnt blianta anuas, mar sin ḟéin, níl sé ar an saġas Dara Teaċ a ba ċóir a ḃeiṫ againn, agus a d'ḟéadfaḋ a ḃeiṫ againn, aċ níor mó cuṁaċt toġċáin a ḟáġáil faoi na Coṁluċta Ainmniúċáin.

Aċ, sé an rud ait, taréis gur cuireaḋ an tuarascáil sin ar fáil, nár ċuir aon ṗáirtí insan Dáil, ceisteanna ar biṫ faoi an tuarascáil ó ṡin, nó céard a bíoṫar le déanaṁ ċun é do ċur i ḃfeiḋm. An aṁlaiḋ naċ dteastaíonn aon aṫrú ó na páirtíṫe, agus gur ṁaiṫ leo an tSeanad a ḃeiṫ acu fá ċoinne a gcuid ionadaiṫe féin a ċur ann?

Tá seans go n-eiróiḋ na coṁluċta ainmniúċáin tuirseaċ de ainmniú a ḋéanaṁ, agus go ndiúltóiḋ siad de uair éigin. Aċ mar sin ḟéin, is gléas é, leis an géar coiṁlint polaiticeaċ a ṡeaċaint beagáinín, agus daoine naċ ḃfuil ċom sáite insan ṗolaitíoċt a ċur insan dara teaċ.

Dála an scéil, b⁊ontaċ an rud é, dá n-éiríoḋ le Muintir na Gaeltaċta iarratóir dá gcuid féin a ċur sa tSeanad an t-am seo. Bíoḋ duine ṫar cionn na Gaeltaċta sa tSeanad i gcónaí ó cuireaḋ an tSeanad ar fáil taréis an Bunreaċt nua, aċ, ba tré ainmniúċáin an Taoisiġ a ḃíoḋ sé ann, agus is dóċa gur ċoiméad sé sin, beaġán nó mórán, teoranta é, ar cás na Gaeltaċta a ċur go láidir.

Bí Pádraic Ó Máille ann, fear as Gaeltaċt an Iarṫar, agus ḃí Cú Uladh, as Gaeltaċt an Tuaisceirt, agus le blianta anois. Bí An Seabac ann go dtí gur éag sé anuraiḋ.

An tUasal Lemass a ḃris an nós nuair a d'éag An Seabac ⁊ seaċtain na ḋiaiḋ, d'ainmniġ sé duine naċ ón nGaeltaċt í, don ionad. Bí cúiseanna poiliticiúla gearr-aimsire leis sin. An raiḃ cúiseanna eile leis ċom maiṫ?

An aṁlaiḋ gur ṁeas sé go mbeaḋ sé ró triobloideaċ dá mbeaḋ duine ann le labairt ar son na Gaeltaċta taréis foilsiú an Ṗáipéir Ḃáin, agus an leaṫċeal atá déanta ar an nGaeltaċt.

Más ea, b'iontaċ ar fad an scéal a ḃeaḋ ann, dá n-éiríoḋ le Muintir na Gaeltaċta féin ionadaí naċ raiḃ aon ċosc buíoċas. mar adéarfá, air, de ḃárr ainmniúċáin Taoisiġ, a ċur isteaċ go neaṁspleáċ insan tSeanad, agus cé go ḃfuil sé deacair ag coṁluċt ainmniúċáin duine a ċur isteaċ, ní ḋearna Muintir na Gaeltaċta ċom h-olc sin ċor ar biṫ an t-am deireannaċ. Rinneadar i ḃfad ní b'ḟearr, mar ṡompla, ná Cumann na Múinteoirí, ná Dantraċ na Tuaiṫe, ná a lán aicmí eile.

Is ioma rud níos íontaí a ṫárla ná go ḃféadfaḋ siad buaiġ d'ḟáil an t-am seo, agus ḃeaḋ árdán agus ionad cainte acu ansin le gur b'ḟéidir cás na Gaeltaċta a ċur, agus a ċoiméad ós coṁair intinn an ṗobail, agus ós coṁair coinsias an náisiúin.

Cibé ar biṫ, beiḋ an dara rás ag tosnú an tseaċtain seo ċugainn agus beiḋ tuilleaḋ le rá againn faoi sin ċom maiṫ.

Mar focal scoir, níl le rá againn, aċ go ḃfuil ḃotóirí na hÉireann fásta suas. Tá deireaḋ leis an ċoiṁlint feargaċ, agus aċrann ag cruinniṫe toġċáin. Ar fud na tíre insan ḟeaċtas deireanaċ, d'éist an pobal go ciúin agus go béasaċ. Glac siad go béasaċ le tairiscintí agus sraiṫcanḃass na bPáirtíṫe Poiliticiúla agus níor noċt siad a n-intinn féin ċor ar biṫ. Rinne siad a roġa faoi ḋíscréid agus faoi rún na mboscaí ḃótála. Sin mar is ceart a ḃeiṫ.

Agus san am céanna, is cosúil go ḃfuil dúil mór ag pobal na tíre fós insan sean dóiġ toġċánaíoċta — na cruinniṫe poiblí. Bí níos mó iarraiḋ agus níos mó éisteaċt ar na cruinniṫe taréis Aifreann ná mar a ḃí ariaṁ, in aineoin na meán cumarsáide nua, telefíse. radio agus fógraíoċt de gaċ cineál.

Is maiṫ mar ṫárla, agus is maiṫ cuid den sean dóiġ a ḃeiṫ fáġta.

Agus anois, bíġí linn an tseaċtain seo ċugainn, go ḃfeicfiḋ siḃ an rud atá le rá agam.

FEARFEASA.

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiḃ

An Flú

Ḟobar dom cionḋál na seaċtaine seo a scaoileaḋ ṫarm. An flú, a ṁac! Tá sí orm le gar do ṡeaċtain anois agus gan aon ċosúlaċt bisiġe fós orm. Ṫug mé cuairt ar an doċtúir indiaiḋ cúpla lá nó mar sin a ċaiṫeaṁ ag dul ṫart go h-ainnis ag sraofairt agus ag creaṫaḋ, taomanna laige dem' bualaḋ 'ċaon leaṫuair nó mar sin nó gur áiriġ an tsluasaid nó ball acara ar biṫ eile dá mbínn i ngreim air ċom trom i mo láiṁa le mála mór mine. Ná níor ċuidiġ an triomaċ tobann seo liom aċ oiread; d'eile nílim ró-ċinnte naċ aṁlaiḋ a neartaiġ ar an diabal de ṡlaġdán faoi ṫeas broġaċ na gréine!

Bí an seomra feiṫiṁ ag cur ṫar maoil maidin Dé Luain — 'ċuile Ċríostaí agus a scéal féin aige aċ gan deá-scéal ag aon duine. Níor áiṫ i a ġinfeaḋ mórán misniġe i gcroí an oṫair aċ b'éigean a bualaḋ faoi ar ċaṫaoir agus fanaċt le do ṡeal. Ṫarraing mé féin ċugam iris ó'n gcárn mór tréiṁseaċáin a ḃí leagṫa amaċ ar m'aġaiḋ ar an mbord agus tosaiġ mé ag cur ṫart na leaṫanaċ ag iarraiḋ ruaine spéise a ṁúscailt sa méid a ḃí le léaṁ ann; níorḃ fada gur ḃaḃtáileas ar ċeann eile é 'ḟeaċaint a mbeaḋ a ḋaṫ níba ḃlasta ar an dara ċeann.

Rud naċ raiḃ. Ċaiṫeas uaim an ceann sin mar ṁalairt ar iris eile aċ ar scáṫ a raiḃ de ḃeaṫa intinne ann ḃeaḋ sé ċom maiṫ dom a ḃeiṫ ag déanaṁ staidéar ar ṗáipéar Gearmáineaċ. Ar ḋeire ċaiṫ mé mo hata leis mar léiṫeoireaċt agus tosaiġ ag breaṫnú i mo ṫimpeall ag túirt sunndas don áit ina raḃas. Dáiríre ba ḃeag an loċt a ḃí air mar ṡeomra feiṫiṁ — péint deas mín ar na ballaí, lino snasta ar an urlár agus tine leictreaċ ag caiṫeaṁ teas uaiṫí.

Ċuiṁniġ mé ansin ar an "Dispensaraí" a ḃíoḋ againn féin fadó i nGaillim, agus níba deireannaí i gCill Ċoirniġ. "Fadó" adeirim mar ar scáṫ a ḃfuil ar ḟios agam tá na h-áiteaċa sin in Éirinn an lae inniu lán ċom 'suas-ċun-dáta' lena macasúil in aon tír eile. Aċ níor ṁar sin é 'sna Daċaidí agus i dtús na gCaogaidí. Ṡeasfá ag fanaċt do ṡeal i bpasáiste a mbeaḋ siorraḋ isteaċ ann 'ċuile uair a d'osclaíti doras agus ní ḃíoḋ sé de ḋánaíoċt ná de ḟearúlaċt ag bunáiṫe na ndaoine a ḃíoḋ ag tarraingt ann focal ar biṫ ċóṁrá a ḋéanaṁ naċ i gcoġar é. Arae meas luċt iarrṫa na deirce a ḃí aca orra féin, agus ní naċ íonaḋ, ba é an meas céanna a ḃí ag doċtúirí agus cuid feiḋmeannaiġ an Ċoṁairle Ċonndae orra ċom maiṫ. Duine de ċainteoirí Fine Gaeil, sílim, a ḃí á rá i nGaillim le goirid naċ raiḃ in Éirinn aċ Seirḃís Ṡláinte den dara grád agus ár ndó tá sé ionṫuiġṫe naċ ḃféadfaḋ sé ḃeiṫ 'ċuile ṗioc ċom maiṫ le Seirḃís Sláinte na Breataine Móire — tír a ḃfuil tuille agus 53 milliún de ḋaonra aici agus a liúntas féin dá n-íoc (11s. 8d. nó mar sin sa tseaċtain) ag 'ċuile ṡaoṫraí dá dtarraingíonn páí ann. Mar sin ḟéin tá sé ṫar a ḃeiṫ tábaċtaċ go mbeiḋ 'ċuile áis dá ḟeabas le fáil maidir le doċtúireaċt, páí le linn tinneas, agus mar sin. Is de réir na rudaí sin a meastar tíorṫa a ḃeiṫ siḃialta nó a ṁalairt ar na saolta seo.

Fostúċán sa nGaeltaċt

Bí litir an-speisiúil ag Máirtín Ó Caḋain (cé ċaoi a mbéaḋ sé tada a eile aċ speisiúil agus é teaċt ó ṗeann an ḟir ċéanna?) i gcoṁar na míosa seo caite. Ag cur síos ar ḟostúċán sa nGaeltaċt dó, dúirt Máirtín nár eol dó rud ar biṫ ba ṫúisce ṁaróḋ an Gaeltaċt ná "industrial project" den gcineál tá cois Sionainne agus i Raṫ Fearnáin i mBaile Áṫa Cliaṫ. "Rud ar biṫ a ḋéanfaḋ sráidbaile déantúsaċ ṡean-iarainn nó Klondyke beag i lár aon Ġaeltaċt ċríoċfaḋ sé an Ġaeltaċt abfad níos éasca ná a ṁeaṫfaḋ sí ó Ḋia ⁊ ó'n saol—agus ó na juganaí fada follaṁ. Ní h-ionann sin agus a rá naċ ḃfuil muid ag iarraiḋ oibre a ṫabairt ċun na Gaeltaċt. Tá neart déantús ag imeaċt ar na saol seo a d'ḟreagróḋ don Ġaeltaċt, aċ tá ḋá sciob ag áiteaċa eile ar lú a dtuillteanas."

Anois ní dóí liom go ḃfuil sé in Éirinn an fear is fearr a ṫuigeann práinn agus riaċtainisí na Gaeltaċta ná Máirtín Ó Caḋain. Ná ní ċreidim go ḃfuil sé in Éirinn aċ oiread an fear is mó is cás leis an Ġaeilge. Is ioma fear ionraic naċ ḃfuil stuama aċ tá Máirtín Ó Caḋain stuama, fad - ḃreaṫnaíṫeaċ, críonna agus cneasta (nó ionraic). Mar sin ní mór áird a ṫabairt ar ġaċ a n-abraíonn sé.

Is fada mé féin ag súil go mbunófar déantúisí sa nGaeltaċt sa gcaoi agus go gcuirfear deire leis an meaṫ, aċ caiṫfiḋ mé adṁáil nár ċuiṁníos i gceart ar na concúirtí a ḃainfeaḋ le "Sráidḃaile déantúsaċ" a ḋéanaṁ de Ċárna nó An Ċeaṫrú Rua — go mbeaḋ an áit ag cur ṫar maoil de ḋorta-ḋarta le Béarlóirí, teicneoirí, meicneoirí, stiúrṫóirí agus a leiṫéide a neartóḋ clite beag an Béarla agus a d'ḟágfaḋ a ndearcaḋ gallda an Ġaeilge in áit na leiṫpinġne go deo. Beaḋ lán-ḟostaíoċt ansin, b'ḟéidir, aċ ba ġearr a ṁairfeaḋ teanga na Gaeltaċta beo sa gceanntar..

Mar sin is sa gcuid deiriḋ de litir Ṁáirtín, san áit a n-abraíonn sé go ḃfuil neart déantús ann a d'ḟreagróḋ don Ġaeltaċt, tá údar dóċais againn agus ba ċeart tosú láiṫreaċ ar staidéar a ḋéanaṁ ar cé iad na déantúis iad féin agus cé mar is fearr iad a ḟáġáil don Ġaeltaċt.

An Máilleaċ agus an Ġaeilge

Is dóí, aċ oiread le go leor eile, go mbeaḋ an tUasal Donnċa Ó Máille daiṫín níba ċríonna agus níba ṡeaċtaintí dá mbeaḋ breiṫ ar a aifeál anois aige. An ċaint úd a rinne sé i gColáiste na Trionóide níor ċuidiġ, ná ní ċuideóiḋ sí, ar bealaċ ar biṫ leis. Ní h-é an ċéad ḟear a d'oscail a ḃéal agus a ċuir a ḋá ċois isteaċ ann. Cleas é sin tá ṫar a ḃeiṫ éasca a ḋéanaṁ, fiú ag an ḃfear naċ ḃfuil aon ṗré mar aiclí ann. Aċ de ġnáṫ ṫárlaíonn sé do ḋaoine naċ dtóigeann de ṫrioblóid orra féin a ḋéanaṁ amaċ roiṁré cé leo a mbeiḋ siad ag caint. Ġlac an Máilleaċ leis, is cosúil, go mbeaḋ a luċt éisteaċta i gColáiste na Trionóide náṁaideaċ don dteanga Ġaeilge. Dá gceapfaḋ sé malairt de rud is cinnte go gcanfaḋ sé port eicínt eile. Rinne sé botún agus ṫiocfaḋ go n-íocfaḋ sé fós as. Sin a ḃfuil de ṫrua agamsa dó ná d'ḟear ar biṫ eile tá i gcoinne na Gaeilge. Aċ séard a cuireann a ḃeag nó a ṁór de ġruaim orm na fear den tsloinne uasal sin a ḃeiṫ sa gcampa ṫall. Nuair a ċuiṁním ar na Máilliġ uasal a neartaiġ ⁊ a ċaoṁnaiġ an traidisiún Gaeliġ ó aimsir Ġráinne Uí Ṁáille anuas tagann fonn orm caint míḋílis an Ṁáilliġ seo a ṁaiṫeaḋ dó le h-omós dá ċine.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Fál Mór

Bí lúṫáir mór fríd baile fearann Fál Mór, agus an taoḃ tíre taoḃ ṫiar den Ċloċán Liaṫ uiliġ nuair a ṫug an tAṫair Aoḋ Ó Baoill ón U.S.A. cuairt ansin, an tseaċtain seo caite. Is mac é do Aoḋ Ó Baoill, a d'ḟág Fál Mór, ina ḟear óg, tá fada ó ṡin, agus a ṗós Neillí Ní Ḋúgáin, a ṫáiniġ ón Róisín, An Cloċán Liaṫ, ins na Stáit Aontaiṫe. N-oirnoníoḋ an tAṫair Ó Baoill i Meiriceá in 1953 agus tá aiṫne ṁaiṫ air imeasc bunaḋ na Rosann ins na Stáit Aontaiṫe. i Nua Eabraċ. Ṫáiniġ sé go hÉirinn leis an grúpa ó Ċaṫair Jersey a ḃí ag glacaḋ páirt i gceiliúraḋ Lá Ḟeil Pádraig i mBaile Áṫa Cliaṫ. Dé Doṁnaiġ léiġ sé Aifreann i dTeaċ Pobail Naoṁ Pádraic, Mín na Croise. Ṫug sé cuairt ar a uncail, Caṫal Ó Baoill, Fál Mór, agus a ċuid colceaṫrar D. Ó Baoill, Fál Mór, agus Séamas Ó Baoill, atá ina ċónaí ins na Cealla Beaga. anois.